Nuachtlitir Ghaelscoil Phort Láirge 10ú Samhain 2025

Féilire na Míosa seo

An Luan 10ú Grianghraif ranga á thógaint againn. Cór 2:30	**An Mháirt 11ú** ***Bailiúchán Bia ag tosnú*** Rince Gaelach 2:30	**An Chéadaoin 12ú** Cispheil R2-R6	**An Déardaoin 13ú** Cispheil Cailíní R6 – Cnoc Síon 9:30-1:30pm	**An Aoine 14ú** Snámh R4 & R5
An Luan 17ú Cór 2:30	**An Mháirt 18ú** ***Bailiúchán Bia ag críochnú*** Peil Gaelach Cailíní R5/R6 Rince 2:30	**An Chéadaoin 19ú** Cispheil R2-R6	**An Déardaoin 20ú**	**An Aoine 21ú** Ceardlann Peace Proms san SETU 9:15-12:00
An Luan 24ú Cór 2:30	**An Mháirt 25ú** Cruinnithe na Tuismitheoirí Rince 2:30	**An Chéadaoin 26ú** Cispheil R2-R6 Cruinnithe na Tuismitheoirí	**An Déardaoin 27ú** Tráth na gCeist scoile 8pm Oskars	**An Aoine 28ú** Snámh R4 & R5

Grianghraif

Bhí orainn na grianghraif ranga a ath-thógaint inniu. Nuair a bheidh na samplaí tagtha thar n-ais, beidh siad seolta abhaile agus beidh rogha iad a cheannach más mian libh. Ba chóir go mbeidh na samplaí de na cártaí Nollag imithe abhaile inniu chomh maith.

Cruinnithe na dTuismitheoirí

Beidh cruinnithe eagraithe do gach rang ar an Máirt 24ú agus ar an gCéadaoin an 25ú Samhain.

Osclóidh an córas ar Aladdin chun cruinnithe a chur in áireamh do theaghlaigh le thriúr pháiste ar dtús ar an gCéadaoin12ú, ansin teaghlaigh le beirt pháiste ar an Aoine14ú agus i ndiaidh sin teaghlaigh le páiste amháin sa scoil ar an Luan 17ú.

Más mian leat glaoch a eagrú in ionad cruinniú aghaidh ar aghaidh, cuir an múinteoir ar an eolas agus glaofaidh siad ort ag an am sin.

Muna bhfuil tú in ann freastal ar na cruinnithe ar na dátaí sin, cuir teachtaireacht chuig an múinteoir ranga agus déanfaidh siad iarracht am eile a eagrú.

Bailiúchán Bia : Food Drive for Waterford Food Bank

Beidh bailiúchán bia á dhéanamh againn mar scoil do Bhanc Bia Phort Láirge i mbliana arís.

Táimid ag lorg earraí mar: boscaí milseáin, boscaí brioscaí, cannaí de thorthaí, cannaí de rís, anlann pasta, pasta, rís, pónairí, piseanna, barraí seacláide, siúcra, málaí tae, caife, túna, cannaí de ghlasraí, anraith, calóga arbhair, criospaí, agus cácaí.

Is féidir earraí a thabhairt isteach aon am ón Luan ar aghaidh. Baileoidh siad ar an 18ú Samhain iad.

Gaelscoil Phort Lairge

CnaT Presents

PUB QUIZ

Thursday 27th November @ 8pm

Oscars Bar Dunmore Road

€10 per Person/€40 per Table

Raffle on the Night

All Proceeds go to Gaelscoil Phort Lairge

Pollatholláin na Scoile

Tá sár-obair á dhéanamh ag ár n-airíoch, Daithí, sa pollatholláin! Táimid ag tnúth go mór leis an tionscnamh scoil-uile seo a thosú!

Comhghairdeas leis na buachaillí F13 a d’imir ag bliots ar an Déardaoin

Tá Rang a Dó an-bhródúil as an ealaín álainn a rinne siad!

Bhí Rang a Trí ag bácáil le Múinteoir Muireann, atá ar socrúchán scoile faoi láthair